Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 20 Nollaig 2017
(OR. en)

15891/17

**Comhad Idirinstitiúideach:
2016/0375 (COD)**

ENER 521
CLIMA 356
CODEC 2113

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 15235/17 ENER 485 CLIMA 334 CODEC 1968 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 15090/17 ENER 412 CLIMA 167 IA 123 CODEC 1788 REV 1 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh, lena leasaítear Treoir 94/22/CE, Treoir 98/70/CE, Treoir 2009/31/CE, Rialachán (CE) Uimh. 663/2009, Rialachán (CE) Uimh. 715/2009, Treoir 2009/73/CE, Treoir 2009/119/CE ón gComhairle, Treoir 2010/31/AE, Treoir 2012/27/AE, Treoir 2013/30/AE agus Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013<br>-Toradh imeachtaí de chuid na Comhairle ITF (Fuinneamh) ar an 18 Nollaig 2017 |

Tháinig an Chomhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh (Fuinneamh) ar chomhaontú maidir le cur chuige ginearálta i ndáil leis an togra thuasluaite, ar bhonn 15235/17, ag an gcruinniú a bhí aige ar an 18 Nollaig 2017, arna chomhlánú leis na hathruithe a leagtar amach san Iarscríbhinn.

N.B. léirítear gach athrú dá bhfuil anseo, i gcomparáid le 15235/17, mar **théacs scáthaithe a bhfuil cló trom air agus líne faoi**.

- Ar lch. 20, léitear aithris 35 mar a leanas:

"(35) I gcás nach leor uaillmhian na bpleananna fuinnimh agus aeráide comhtháite náisiúnta gona nuashonruithe chun cuspóirí an Aontais Fuinnimh a bhaint amach go comhchoiteann agus, don chéad tréimhse go háirithe spriocanna 2030 don fhuinneamh in-athnuaite agus don éifeachtúlacht fuinnimh, ba cheart don Choimisiún bearta a ghlacadh ar leibhéal an Aontais chun gnóthú comhchoiteann na gcuspóirí agus na spriocanna sin a áirithiú (agus aon 'bhearna uaillmhéine' a dhúnadh ar an gcaoi sin). I gcás nach leor dul chun cinn an Aontais chun na cuspóirí agus na spriocanna sin a sheachadadh, ba cheart don Choimisiún, ní hamháin moltaí a eisiúint ach bearta **a [ ] mholadh agus úsáid a bhaint as cumhachtuithe ábhartha** ar leibhéal an Aontais nó ba cheart do na Ballstáit bearta breise a ghlacadh lena áirithiú go mbainfear amach na cuspóirí agus na spriocanna sin (agus aon 'bhearna seachadta' a dhúnadh ar an gcaoi sin). Ba cheart a chur san áireamh sna bearta sin an rannchuidiú uaillmhianach luath a rinne na Ballstáit chun sprioc**[ ]** 2030 a bhaint amach maidir leis **[ ]** an éifeachtúlacht fuinnimh agus iad ag roinnt na hiarrachta chun an sprioc a bhaint amach go comhchoiteann. **Ba cheart go gcuirfí san áireamh sna bearta sin iarrachtaí luatha a dhéanann na Ballstáit sprioc 2030 don fhuinneamh in-athnuaite a bhaint amach trí scair fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite os cionn a sprice ceangailtí náisiúnta a shroicheadh in 2020 nó roimhe sin nó dul chun cinn a dhéanamh go luath le linn na tréimhse 2005-2020 i dtaobh sprioc cheangailteach an Aontais faoinar fuinneamh in-athnuaite a bheidh in 27% ar a laghad den fhuinneamh in 2030, a chur chun feidhme.** I réimse an fhuinnimh in-athnuaite, is féidir a áireamh ar bhearta den sórt sin ranníocaíochtaí **deonacha** airgeadais na mBallstát le **sásra** maoiniúcháin arna bhainistiú ag an gCoimisiún, a d'úsáidfí chun rannchuidiú leis na tionscadail fuinnimh in-athnuaite **is cost-éifeachtaí** ar fud an Aontais, **rud a thabharfadh rogha don Bhallstát rannchuidiú le sprioc an Aontais a bhaint amach ar an gcostas ab ísle ab fhéidir**. **[ ].** I réimse na héifeachtúlachta fuinnimh, is féidir bearta breise a dhíriú go háirithe ar éifeachtúlacht fuinnimh táirgí, foirgneamh agus iompair."

* * *

- Ar lch. 21, léitear aithris 35quater mar a leanas:

**(35quater) D'fhonn go mbeadh na Ballstáit agus an Coimisiún in ann faireachán leordhóthanach agus luathghníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh, agus d'fhonn 'éifeacht an tsaorthairbhí' a sheachaint, ba cheart go sroichfeadh conairí táscacha na mBallstát ar fad (agus conair tháscach an Aontais dá réir) in 2023, [ ] 2025 agus 2027 céatadáin íosta áirithe ar a laghad den mhéadú iomlán ar fhuinneamh in-athnuaite atá beartaithe do 2030, mar a leagtar amach sa Rialachán seo. Déanfaidh an Coimisiún sroicheadh na 'bpointí tagartha' sin in 2023, [ ] 2025 agus 2027 a mheas ar bhonn na dtuarascálacha náisiúnta comhtháite ar dhul chun cinn i ndáil le fuinneamh agus an aeráid, i measc nithe eile, a bheidh le tíolacadh ag na Ballstáit in 2025, [ ] 2027 agus 2029, faoi seach. Más rud é nach gcomhlíontar pointí tagartha táscacha an Aontais, ba cheart do na Ballstáit atá faoi bhun a gcuid pointí tagartha aghaidh a thabhairt air sin trí bhearta breise [ ] a chur chun feidhme darb aidhm an bhearna a chumhdach [ ].**

- Ar lch.35, ba cheart Airteagal 4(a)(2)(i) a léamh mar a leanas:

"(2) maidir le fuinneamh in-athnuaite:

i. d'fhonn sprioc cheangailteach an Aontais a bhaint amach gur fuinneamh in-athnuaite é ar a laghad 27 % den fhuinneamh in 2030 dá dtagraítear in Airteagal 3 de [athmhúnlú ar Threoir 2009/28/CE mar a mholtar in COM(2016) 767], rannchuidiú ar son na sprice sin i dtéarmaí chion an Bhallstáit d'fhuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite in olltomhaltas deiridh fuinnimh in 2030, maille le **conair tháscach [ ]** don rannchuidiú sin ó 2021 ar aghaidh. **Faoi 2023, sroichfidh an chonair tháscach pointe tagartha dar luach 24% [ ] ar a laghad den mhéadú iomlán ar an sciar den fhuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite idir sprioc cheangailteach náisiúnta 2020 an Bhallstáit sin agus a rannchuidiú le sprioc 2030. Faoi 2025, sroichfidh an chonair tháscach pointe tagartha dar luach 40% ar a laghad den mhéadú iomlán ar an sciar den fhuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite idir sprioc cheangailteach náisiúnta 2020 an Bhallstáit sin agus a rannchuidiú le sprioc 2030. Faoi 2027, sroichfidh an chonair tháscach pointe tagartha dar luach 60% ar a laghad den mhéadú iomlán ar an sciar den fhuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite idir sprioc cheangailteach náisiúnta 2020 an Bhallstáit sin agus a rannchuidiú le sprioc 2030. Faoi 2030, sroichfear, leis an gconair tháscach, ar a laghad rannchuidiú pleanáilte an Bhallstáit. I gcás ina síleann Ballstát go sáróidh sé a sprioc cheangailteach náisiúnta do 2020, féadfar tús a chur leis an gconair tháscach ar pé leibhéal is réamh-mheasta di. Conairí táscacha na mBallstát, i dteannta a chéile, ní mór gurb ionann iad agus pointí tagartha an Aontais in 2023, [ ] 2025 agus 2027 agus sprioc cheangailteach an Aontais faoinar fuinneamh in-athnuaite a bheidh in 27% ar a laghad den fhuinneamh in 2030. Ar leithligh ón rannchuidiú le sprioc an Aontais agus óna chonair tháscach chun críocha an Rialacháin seo, beidh sé de shaoirse ag Ballstát uaillmhian níos mó a shonrú chun críocha an bheartais náisiúnta;"**

- Ar lch. 37, ba cheart Airteagal 4 (d) a léamh mar a leanas:

(d) Maidir leis an ngné "An Margadh Inmheánach Fuinnimh":

- an leibhéal idirnascthachta leictreachais a bhfuil sé mar aidhm ag an mBallstát é a bheith bainte amach in 2030 i bhfianaise na sprice idirnascthachta leictreachais dar luach 15% ar a laghad faoi 2030, **trí bhíthin straitéis lena ndéanfar an leibhéal don tréimhse ó 2021 amach a shainiú i ndlúthchomhar leis na Ballstáit dá ndéanfar difear, agus na táscairí maidir lena phráinní a theastaíonn gníomhaíocht á gcur san áireamh[ ]:**

  **(1) Difreálach praghsanna ar an margadh mórdhíola is mó ná tairseach táscach dar luach 2€/MWh idir na Ballstáit, na réigiúin, nó na limistéir thairisceana;**

  **(2) Cumas tarchuradóireachta ainmniúil idirnascairí faoi bhun 30 % dá mbuaiclód;**

  **(3) Cumas tarchuradóireachta ainmniúil idirnascairí faoi bhun 30% de ghiniúint in-athnuaite atá suiteáilte.**

  **Ní mór gach idirnascaire nua a bheith faoi réir anailís costais is tairbhe socheacnamaíoch agus comhshaoil agus ní ceart iad a chur chun feidhme ach i gcás inar mó na tairbhí féideartha ná na costais.**

- Ar lch. 43, ba cheart Airteagal 9(2)(a) a léamh mar a leanas:

"(a) leibhéal uaillmhéine na gcuspóirí, na spriocanna agus an rannchuidithe d'fhonn cuspóirí an Aontais Fuinnimh a bhaint amach le chéile agus go háirithe spriocanna 2030 an Aontais don fhuinneamh in-athnuaite**, [ ]** don éifeachtúlacht fuinnimh **agus don idirnascadh leictreachais; á dhéanamh sin dó, tabharfaidh an Coimisiún aird chuí ar na cúinsí ábhartha a dhéanann difear d'úsáid fuinnimh in-athnuaite arna gcur in iúl ag an mBallstát a bheidh i gceist, mar a leagtar amach in Airteagal 5(1)(d), agus ar na dálaí a bhfuil tionchar acu ar thomhaltas príomhúil agus deiridh arna gcur in iúl ag an mBallstát a bheidh i gceist, mar a leagtar amach in Airteagal 6(2) agus ar tháscairí maidir lena phráinní a theastaíonn gníomhaíochtaí mar a leagtar amach in Airteagal 4(d);**"

- Cuirtear an mhír nua 5bis seo a leanas le hAirteagal 11, ar lch. 45:

"**5bis. A mhéid is infheidhme forálacha Threoir 2001/42/CE, aon chomhairliúchán trasteorann a dhéanfar i gcomhréir le hAirteagal 7 den Treoir sin, measfar go sásaíonn sin na hoibleagáidí freisin maidir le comhar réigiúnach faoin Rialachán seo ar choinníoll go sásaítear ceanglais an Airteagail seo chomh maith.**"

- Ar lch. 59, ba cheart Airteagal 21(1)(a) a léamh mar a leanas:

"(a) an leibhéal idirnascthachta leictreachais a bhfuil sé mar aidhm ag an mBallstát é a bheith bainte amach aige in 2030 i bhfianaise na sprice 15% ó thaobh idirnascthachta leictreachais **agus ó thaobh na dtáscairí a leagtar amach in Airteagal 4(d), agus bearta lena gcuirfear chun feidhme an treochlár chun an leibhéal sin a bhaint amach, lena n-áirítear bearta a bhaineann le deonú údaruithe agus bearta sonracha maidir le tacaíocht airgeadais, chomh maith le tacaíocht ón Aontas agus úsáid chistí an Aontais, gan dochar d'Airteagail 107 agus 108 CFAE, i gcás inarb infheidhme.**"

- Ar lch. 67, ba cheart Airteagal 25(2) a léamh mar a leanas:

"(2). I réimse an fhuinnimh in-athnuaite, mar chuid den mheasúnú dá dtagraítear i mír 1, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an dul chun cinn maidir le sciar an fhuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite in olltomhaltas deiridh an Aontais ar bhonn conair **táscach [ ] a** thosaíonn ag 20 % in 2020 agus **a shroicheann pointí tagartha dar luach 24% [ ]ar a laghad in 2023, [ ] 40% in 2025 agus 60% in 2027 den mhéadú foriomlán i sciar an fhuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite idir sprioc 2020 an Aontais agus sprioc 2030 an Aontais maidir le fuinneamh in-athnuaite,** agus a shroicheann **sprioc 2030 an Aontais** dar luach 27% ar a laghad in 2030 **[ ]** maidir le fuinneamh in-athnuaite."

- Ar lch. 69, ba cheart Airteagal 27(1) a léamh mar a leanas:

"**1. I gcás ina gcinneann an Coimisiún, ar bhonn a mheasúnaithe ar na dréachtphleananna aeráide agus fuinnimh comhtháite náisiúnta de bhun Airteagal 9 nó ar bhonn a mheasúnaithe ar dhréacht-uasdátú na bpleananna deiridh de bhun Airteagal 13, nach leordhóthanach spriocanna, cuspóirí agus ranníocaíochtaí na mBallstát chun cuspóirí an Aontais Fuinnimh a bhaint amach ar bhonn comhchoiteann agus go háirithe, don chéad deich mbliana, chun sprioc cheangailteach an Aontais 2030 d'fhuinneamh in-athnuaite a bhaint amach, féadfaidh sé moltaí neamh-chainníochtúla a eisiúint á iarraidh ar [ ] na Ballstáit sin nach leor leis a ranníocaíochtaí a n-uaillmhian a mhéadú ina ndréachtphleananna aeráide agus fuinnimh comhtháite náisiúnta agus ina ndréacht-uasdátú d'fhonn leibhéal leordhóthanach den uaillmhian chomhchoiteann a áirithiú.**"

- Ar lch. 72, ba cheart an chéad fhomhír d'Airteagal 27(4) a léamh mar a leanas:

"(4). I gcás ina gcinneann an Coimisiún, i réimse an fhuinnimh in-athnuaite, ar bhonn an mheasúnaithe a dhéanfaidh sé faoi 2025**, [ ]** 2027 **agus 2029** de bhun Airteagal 25(1) agus (2) **[ ]**, nach ndearnadh **pointí tagartha [ ]chonair tháscach** an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 25(2) [ ] a bhaint amach ar bhonn comhchoiteann in 2023**, [ ]** 2025 **agus 2027**, áiritheoidh na Ballstáit sin **[ ] atá tite faoi bhun a gcuid pointí tagartha náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 4(a)(2)(i) in 2023, [ ] 2025 nó 2027 [ ]** go dtabharfar aghaidh, faoin mbliain 202**6, [ ] 2028 agus 2030, faoi seach, ar an mbearna le hais chonair tháscach an Aontais in 2023, [ ] 2025 nó 2027 [ ] trí** bhearta breise **a chur chun feidhme darb aidhm an bhearna sin a chumhdach [ ] []**, amhail: "

- Ar lch. 73, Airteagal 27(4bis), ba cheart an chéad mhír agus an mhír dheiridh a léamh mar a leanas:

**"4bis. Ón 1 Eanáir 2021 ar aghaidh, ní bheidh an sciar den fhuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite in olltomhaltas deiridh gach Ballstáit maidir lena n-ídiú fuinnimh [ ] níos ísle ná sciar bonnlíne [ ] is ionann agus sprioc fhoriomlán náisiúnta éigeantach an Bhallstáit le haghaidh an sciar den fhuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite in 2020 a leagtar amach in Airteagal 3(3) de [athmhúnlú ar Threoir 2009/28/CE mar a mholtar in COM(2016) 767]. Mura gcoimeádann Ballstát a sciar bonnlíne arna mheas le linn tréimhse bliana, glacfaidh an Ballstát lena mbaineann, laistigh de bhliain amháin, bearta breise ar nós na mbeart a leagtar amach i bpointí (a) go (d) de mhír 4 ar leor iad leis an mbearna a chumhdach laistigh de dhá bhliain. "**

(…..)

**Tabharfaidh an sásra maoiniúcháin dá dtagraítear i bpointe 4(c)den Airteagal seo tacaíocht do thionscadail nua [ ] fuinnimh in-athnuaite a lonnófar san Aontas nó a bheidh bainteach leis. Urramóidh na tionscadail sin an dlí ábhartha a bheidh i bhfeidhm sa Bhallstát óstach. Coimeádfaidh na Ballstáit an ceart a chinneadh cibé acu a cheadófar nó nach gceadófar do shuiteálacha atá lonnaithe ar a gcríoch tacaíocht a fháil ón sásra maoiniúcháin, agus i gcás ina gceadaítear, na coinníollacha faoina gceadófar. Féadfar [ ] tacaíocht a thabhairt, *inter alia*, mar phréimh a íocfar de bhreis ar phraghsanna an mhargaidh, agus tacófar le tionscadail a iarrann an costas nó an phréimh is ísle. Gach bliain, déanfar an fuinneamh in-athnuaite arna ghiniúint ag suiteálacha a mhaoinítear as an sásra maoiniúcháin a leithdháileadh ar bhonn staitistiúil ar na Ballstáit rannpháirteacha de réir a ranníocaíocht airgeadais ábhartha.**

* * *

- Cuirtear an mhír (6) seo a leanas le hAirteagal 27 ar lch. 75:

**(6) I gcás ina gcinneann an Coimisiún sa bhliain 2025 ar bhonn an mheasúnaithe a dhéanfaidh sé de bhun Airteagal 25(1) agus (4) nach leor a ndearnadh de dhul chun cinn i réimse na n-idirnasc, déanfaidh sé comhar leis na Ballstáit lena mbaineann faoin mbliain 2026 chun aghaidh a thabhairt ar na cúinsí a bheidh i gceist.**